Department of Education
www.education-ni.gov.uk

TransformED NI:
Transforming Teaching and Learning



# Claontachtaí Cognaíocha:

## *An Dóigh a Múnlaíonn Aicearraí Teagasc agus Foghlaim*

InnerDrive



# CLAONTACHTAÍ COGNAÍOCHA

***Le InnerDrive***

Is patrúin intuartha smaointeoireachta iad claontachtaí cognaíocha a mbíonn tionchar acu ar an dóigh a léirmhíníonn múinteoirí agus daltaí faisnéis, gan iad a thabhairt faoi deara go minic (Tversky & Kahneman, 1974). Is córas próiseála faisnéise cumhachtach í inchinn an duine, ach tá teorainneacha soiléire leis fosta.

I seomraí ranga, bíonn ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon méideanna móra faisnéise a phróiseáil go tapa. Leis an ualach cognaíoch seo a bhainistiú, braitheann an inchinn ar aicearraí meabhracha, ar a dtugtar heorastaic. Cé go mbíonn na haicearraí seo úsáideach go minic, is féidir cruthanna córasacha breithiúnais agus cinnteoireachta a bheith mar thoradh orthu fosta.

## CLAONTACHTAÍ COGNAÍOCHA AGUS AN SEOMRA RANGA

I scoileanna, déantar cinntí i gcónaí faoi bhrú ama agus le faisnéis neamhiomlán. Déanann múinteoirí breithiúnais faoi thuiscint, iompar agus acmhainneacht na ndaltaí, agus déanann daltaí measúnú ar a bhfoghlaim, a muinín agus a ndul chun cinn féin. Sna coinníollacha seo, tig le claontacht chognaíoch tionchar mór a imirt ar an dóigh a léirmhínítear faisnéis agus ar an dóigh a ngníomhaítear uirthi.

Tig leis na claontachtaí seo ionchais mhúinteoirí a mhúnlú, difear a dhéanamh do chruinneas measúnaithe agus aiseolais agus tionchar a imirt ar spreagadh agus ar straitéisí foghlama na ndaltaí. Ní comhartha droch-theagaisc nó den fhoghlaim lag í an chlaontacht chognaíoch; is iarmhairt nádúrtha atá ann ar an dóigh a bpróiseálann an inchinn faisnéis go héifeachtúil. Ní bhaineann tuiscint ar na claontachtaí seo le locht a chur ach ina ionad sin patrúin smaointeoireachta intuartha a aithint a dtiocfadh leo, gan a bheith beartaithe, an bonn a bhaint de theagasc, foghlaim agus cinnteoireacht.



© InnerDrive Ltd.

Department of Education
www.education-ni.gov.uk
InnerDrive

## 1. CLAONTACHTAÍ A MHÚNLAÍONN BREITHIÚNAS AGUS TUISCINT I MEASC DALTAÍ

### *Claontacht i dtreo torthaí iarrtha: An dóigh a múnlaíonn ionchais tuiscint*

Tagraíonn claonadh deimhnithe don chlaonadh le faisnéis a lorg, a léirmhíniú agus a mheabhrú ar bhealaí a dhearbhaíonn creidimh atá ann cheana féin. I seomraí ranga, tig leis seo tionchar a imirt ar an dóigh a léirmhíníonn múinteoirí iompar agus gnóthachtáil daltaí chomh maith leis an dóigh a mbreithníonn daltaí a gcumas féin.

Léirigh staidéar ceannródaíoch le Kelley (1950) cumhacht na n-ionchas luath. Léirmhínigh daltaí ar tugadh cur síos difriúil ar an mhúinteoir chéanna dóibh iompraíochtaí níos déanaí i gcomhréir leis na chéad imprisean sin. Léiríonn sé seo an dóigh ar féidir leis na chéad bhreithiúnais leanúint ar aghaidh, fiú nuair a bhíonn fianaise nua ar fáil. San oideachas, tig le Claonadh deimhnithe a fhágáil gur deacair athbhreithniú a dhéanamh ar bhreithiúnais faoi dhaltaí, cur chuige teagaisc nó straitéisí foghlama. Nuair a chruthaítear ionchas, féadfar neamhaird a dhéanamh ar fhianaise chontrártha.

Bíonn breithiúnais níos cruinne ann nuair a tharraingíonn siad ar ilfhoinsí fianaise, nuair a mheastar go gníomhach mínithe malartacha agus nuair a fhiafraíonn oidí d'aon ghnó, 'Cén fhianaise a thabharfadh dúshlán do mo thuairim reatha?'

### *Éifeacht Halo: An cás ina mbíonn tionchar ag treocht amháin ar bhreithiúnas foriomlán*

Tarlaíonn Éifeacht Halo nuair a bhíonn tionchar díréireach ag tréith amháin atá suntasach, amhail iompar, iarracht nó cur i láthair, ar bhreithiúnais fhoriomlána ar chumas nó ar thuiscint.

I seomraí ranga, tig leis seo a bheith ina chúis le breithiúnas níos fabhraí acadúla a thabhairt ar dhaltaí dea-iompraíochta nó ar dhaoine a bhfuil deis acu labhairt go héasca, agus d'fhéadfaí daltaí a léiríonn iompar dúshlánach a mheas faoina luach. Tá sé seo tábhachtach mar tig leis tionchar a imirt ar chruinneas agus ar chothroime an mheasúnaithe. Is féidir Éifeacht Halo a laghdú trí chritéir shoiléire rathúnais, scéimeanna marcála struchtúrtha agus, nuair is féidir, measúnú dall a úsáid. Cuidíonn sé seo lena chinntiú go bhfuil breithiúnais bunaithe ar fhianaise seachas ar thuairimí ginearálta.



© InnerDrive Ltd.

### *Claontacht i leith diúltachais: An fáth a mbíonn ualach níos troime le botúin*

Déanann Claontacht i leith diúltachais cur síos ar an chlaonadh atá ag faisnéis dhiúltach tionchar síceolaíoch níos láidre a bheith aici ná faisnéis dhearfach (Baumeister et al., 2001). I seomraí ranga, tig leis seo tionchar a imirt ar an dóigh a gcuimhníonn múinteoirí ar iompar, ar an dóigh a gcuirtear aiseolas i láthair agus ar an dóigh a bhfeiceann daltaí a ndul chun cinn féin.

Nuair a bhíonn an aird ar bhotúin agus ar an teip, féadfaidh daltaí tuairimí contráilte a fhorbairt faoina n-inniúlacht, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den spreagadh agus den bhuanseasmhacht. Is féidir le cothromaíocht a bhaint as aiseolas trí dhul chun cinn, iarracht agus straitéisí éifeachtacha a léiriú go soiléir, mar aon le réimsí le feabhsú, cuidiú le dul i ngleic le tionchar díréireach na faisnéise diúltaí.

## 2. CLAONTACHTAÍ A CHUIREANN FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS FOGHLAIM DALTAÍ AS RIOCHT

### *Éifeacht Hawthorne: An fáth a n-athraíonn breathnóireacht iompar*

Tagraíonn Éifeacht Hawthorne d'athruithe san iompar a tharlaíonn nuair a bhíonn a fhios ag daoine aonair go bhfuiltear ag breathnú orthu. I suíomhanna oideachais, féadfaidh daltaí a n-iarracht a mhéadú díreach toisc go bhfuil siad ar an eolas go bhfuiltear ag breathnú orthu. Is féidir an éifeacht seo a mhíniú go páirteach le claonadh inmhianaitheachta sóisialta, áit a ndéanann daoine aonair a n-iompar a choigeartú le hailíniú leis an méid a chreideann siad a bhfuiltear ag súil leis nó a gcuirtear luach leis sa chomhthéacs sin.

I scoileanna, tá impleachtaí tábhachtacha aige seo maidir le breathnuithe ceachtanna agus idirghabhálacha. B'fhéidir nach léiríonn feabhsuithe a fheictear le linn tréimhsí breathnóireachta nó monatóireachta athrú fíor nó leanúnach. Mar thoradh air sin, is féidir go mbeadh sé deacair fíoréifeachtúlacht straitéisí teagaisc nó idirghabhálacha a mheas bunaithe ar iompar breathnaithe amháin.

Le tionchar Éifeacht Hawthorne a laghdú, ba chóir go mbeadh idirghabhálacha chomh neamhfheiceálach agus is féidir agus ba chóir go ndéanfaí measúnú orthu le himeacht ama. Is féidir le breithiúnas a thabhairt ar an tionchar ag baint úsáide as bearta iolracha,



© InnerDrive Ltd.

i gcomhthéacsanna éagsúla, a chinntiú go léiríonn feabhsuithe athruithe buana san fhoghlaim seachas athruithe sealadacha san iompar.

### *Éifeacht Dunning-Kruger: Nuair is mó an mhuinín ná an cumas*

Déanann Éifeacht Dunning-Kruger cur síos ar phatrún ina ndéanann daoine a bhfuil leibhéil níos ísle tuisceana acu rómheastachán ar a n-inniúlacht, agus d'fhéadfadh daoine a bhfuil leibhéil níos airde saineolais acu a n-inniúlacht a mheas faoina luach (Kruger & Dunning, 1999).

I seomraí ranga, is féidir leis seo a bheith ina chúis le muinín a bheith ag daltaí a bhfuil eolas bunúsach neamhchinnte acu as a dtuiscint, rud a fhágann go mbíonn straitéisí athbhreithnithe neamhéifeachtacha nó go mbíonn siad ag scor ó staidéar breise. Ag an am chéanna, d'fhéadfadh daltaí níos eolaí a bhfeidhmíocht a mheas faoina luach, rud a théann i bhfeidhm ar mhuinín agus ar spreagadh.

Is féidir le tástáil mhinic íseal-gheallta, Cleachtadh Aisghabhála agus féinmheasúnú struchtúrtha cuidiú le daltaí a muinín a ailíniú le fianaise oibiachtúil foghlama. Trína sheiceáil go rialta cad atá ar eolas acu agus cad nach dtuigeann siad fós, is féidir le daltaí breithiúnais níos cruinne a fhorbairt ar a n-inniúlacht féin.

## 3. CLAONTACHTAÍ A IMRÍONN TIONCHAR AR IOMPRAÍOCHT AGUS CULTÚR AN tSEOMRA RANGA

### *Éifeacht na hAithrise: Breithiúnas aonair a mhúnlú ag creidimh an ghrúpa*

Tagraíonn Éifeacht na hAithrise don chlaonadh glacadh le creidimh nó iompraíochtaí a toisc go meastar go bhfuil glacadh coitianta leo. I scoileanna, is féidir leis seo tionchar a imirt ar fhoghlaim na ndaltaí agus ar chinnteoireacht ghairmiúil araon.

I measc na ndaltaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh míthuiscintí á nglacadh le linn obair ghrúpa nó plé ranga mar thoradh ar Éifeacht na hAithrise, áit a dtugtar tús áite don chomhaontú seachas don chruinneas. I measc oidí, is féidir leis cur chuige teagaisc a leathnú i ngeall ar an tóir atá air seachas ar an fhianaise.



© InnerDrive Ltd.

Cuidíonn sé le míniú a thabhairt ar bhuanseasmhacht néarmhiotas san oideachas. Is minic a mhéadaíonn ar chúrsaíocht tuairimí, ar nós stíleanna foghlama nó ceannas clé nó deas san inchinn, toisc go ndéantar iad a phlé go forleathan agus a nglactar leo go coitianta seachas ar fhianaise mhaith a bheith leo.

Nuair is cosúil go bhfuil glacadh ag an tromlach le tuairim faoi leith, is féidir go nglactar leis gan aon mheasúnú criticiúil, fiú nuair a bhíonn fianaise láidir ina choinne.

Is féidir é seo a laghdú trí smaointeoireacht neamhspleách a spreagadh de rogha ar phlé grúpa, fianaise a luacháil go sainráite thar chomhthuiscint agus cultúir ranga a chruthú ina ndéantar dúshlán agus ceistiú a normalú, rud a chuideoidh le tionchar claontacht atá á tiomáint ag grúpa a laghdú.

## SMAOINTE DEIRIDH

Ní hamháin go bhfuil claontacht smaointeoireachta teoiriciúil, tá siad ann sa tseomra ranga agus is féidir leo tionchar a imirt ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar chinnteoireacht. Trí bheith ar an eolas fúthu ní hamháin go gcuidíonn sé leat patrúin smaointeoireachta uathoibríocha a sheachaint a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas ach cuidíonn sé freisin le timpeallachtaí seomra ranga a chruthú inar mó an seans go mbeidh daltaí in ann bheith smaointeoireacht saor ó chlaonadh.



© InnerDrive Ltd.

## TAGAIRTÍ

Baumeister, R. F., Bratslavsky, E., Finkenauer, C., & Vohs, K. D. (2001). *Bad Is Stronger than Good. Review of General Psychology*, 5(4), 323–370. https://doi.org/10.1037/1089-2680.5.4.323

Kelley, H. H. (1950). *The warm-cold variable in first impressions of persons. Journal of Personality*, 18(4), 431–439. https://doi. org/10.1111/j.1467-6494.1950.tb01260.x

Kruger, J., & Dunning, D. (1999). *Unskilled and unaware of it: How difficulties in recognizing one's own incompetence lead to inflated self-assessments. Journal of Personality and Social Psychology*, 77(6), 1121–1134. https://doi.org/10.1037/0022-3514.77.6.1121

Tversky, A., & Kahneman, D. (1974). *Judgment under uncertainty: Heuristics and Biases*. Science, 185(4157), 1124–1131.

## ACMHAINNÍ BREISE

### Blaganna

7 cognitive biases holding your students back: https://www.innerdrive.co.uk/blog/cognitive-biases-holding-students-back/

The cognitive bias underlying all others (and how to avoid it): www.innerdrive.co.uk/blog/cognitive-bias-underlying-all/

Expertise and cognitive biases: 3 risks and what to do about them: https://www.innerdrive.co.uk/blog/expertise-and-cognitive-biases/



© InnerDrive Ltd.

InnerDrive

Department of Education

www.education-ni.gov.uk